



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal



Údarás na
Gaeltachta



BÉAL AN PHOBAIL
Gaeltacht Iardheisceart
Thír Chonaill

Is coiste forbartha pobail é **Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille (LCPG)**, atá maoinithe ag Údarás na Gaeltachta. Táimid dírithe ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta pharóiste Ghleann Cholm Cille, agus táimid inár gceanneagraíocht pleanála teanga ar Leithinis Shliabh a' Liag

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga anois á thairiscint ag LCPG

Is é *Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille* atá freagrach as an bplean teanga do LPT Dhún na nGall Theas a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012.

Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar
- Cur amach ar an limistéar pleanála teanga
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir pobail
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadail
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

Is post ar chonradh atá á thairiscint a mhairfidh suas le trí bliana agus beidh an té a cheapfar freagrach as chur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag LCPG agus freagrach don cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Tá an plean teanga don LPT le fáil ar shuíomh gréasáin Béal an Phobail ag www.bealanphobail.ie agus na sonraí poist a ghabhann leis an bpost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Rúnaí Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, ag oifiglcpg@gmail.com

Beidh an té a cheapfar sa phost lonnaithe in oifigí **LCPG** i nGleann Cholm Cille. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu agus teacht ar ghluaisteán.

Beidh tuarastal idir €35,000 agus €50,000 ag gabháil leis an phost, ag brath ar thaithí an iarrthóra.

Seol litir iarratais mar aon le CV trí ríomhphost chuig: oifiglcpg@gmail.com

Spríodhata le haghaidh iarratais ná Dé hAoine, an 19 Lúnasa, ag 17:00. Beidh na hagallaimh ar siúl i nGleann Cholm Cille an tseachtain dar tús an 29 Lúnasa.

Tionólfar an agallamh trí Ghaeilge.